# **Ag Aistriú:** Ag Gluaiseacht ón Réamhscoil go dtí an Bhunscoil

## Gníomhaíochtaí a mholtar do scoileanna le tacú le haistriú dearfach go dtí na naíonáin shóisearacha

Tréimhse thábhachtach agus shuimiúil do pháistí óga is ea an t-aistriú ón réamhscoil go dtí an bhunscoil agus is féidir le múinteoirí tacú leosan agus lena dteaghlaigh ar go leor bealaí. Teastaíonn am ó pháistí leis an aistriú a dhéanamh agus téann cuid acu i dtaithí air níos tapúla ná a chéile. Tugann páistí go leor dar fhoghlaim siad sa bhaile agus sa réamhscoil leo. Más amhlaidh gur roinn réamhscoileanna nó tuismitheoirí/caomhnóirí eolas faoi chúrsaí foghlama i dtaobh a bpáistí, ag úsáid Tuairiscí *Mo Scéal: Ag Gluaiseacht ón Réamhscoil go dtí an Bhunscoil*, bí cinnte leas a bhaint astu. Cuireann siad eolas úsáideach ar fáil maidir le scileanna, meonta agus taithí na bpáistí roimh an scoil ar féidir leat tógáil air.

I dtreo dheireadh mhí Aibreáin nó ag tús mhí na Bealtaine, d'fhéadfá grianghraif a ghlacadh de na háiseanna éagsúla sa scoil agus sa seomra ranga agus iad a roinnt leis na réamhscoileanna cuí. Is féidir leis na réamhscoileanna leabhar grianghraf a dhéanamh astu chun roinnt leis na páistí. D'fhéadfása leabhar grianghraf a dhéanamh freisin agus é a thabhairt do thuismitheoirí/do chaomhnóirí chun gur féidir leo é a phlé leis na páistí sna seachtainí sula dtéann siad ar scoil. Is maith an rud é eolas a thabhairt do na tuismitheoirí/na caomhnóirí agus na réamhscoileanna faoin múinteoir/múinteoirí a bheidh ag múineadh na naíonán sóisearach agus grianghraf den mhúinteoir/de na múinteoirí (ach cead a fháil) a roinnt leis na réamhscoileanna. Cabhróidh sé seo leis na páistí aithne a chur ar an múinteoir/na múinteoirí.

Cuir ceist ar pháistí níos sine maidir leis an gcaoi ar mhothaigh siadsan nuair a bhíodar ag dul ar scoil den chéad uair agus cad ba mhaith leo a insint do na páistí nua a bheidh ag teacht isteach. Tugann sé seo dearcadh an pháiste duit maidir leis an taithí scoile agus leis an eolas a theastaíonn ó na páistí.

Seo thíos roinnt bealaí praiticiúla agus taitneamhacha inar féidir le múinteoirí cabhrú le páistí dul i dtaithí ar a seomra ranga agus a scoil nua agus a bheith ar a gcompord iontu. D'fhéadfadh rannpháirtíocht na bpáistí cabhrú leat a mheas cén chaoi a bhfuil ag éirí leo socrú isteach sa scoil. Chomh maith leis sin, tá sé tábhachtach breathnóireacht a dhéanamh ar na páistí agus labhairt leo faoina dtaithí ag tosú sna naíonáin shóisearacha. Déan taifead ar an mbreathnóireacht a dhéanann tú orthu agus ar thuairimí agus ar cheisteanna na bpáistí.



B'fhéidir gur mhaith leat gníomhaíochtaí aistrithe eile a eagrú freisin, i gcomhpháirt le réamhscoileanna áitiúla. Féach an leidbhileog *Comhghníomhaíochtaí aistrithe do réamhscoileanna agus do bhunscoileanna* chun roinnt smaointe a fháil.

# Gníomhaíochtaí aistrithe

## An seomra ranga a bheith réidh

Bíodh leagan amach an tseomra ranga cosúil leis an réamhscoil – é leagtha amach le cúinní ábhar spéise, go leor ábhar a bheith ar fáil go réidh (boscaí, clocha, craobhóga, éadach). Cuir spás compordach ar fáil le mála pónairí agus blaincéid inar féidir le páistí (iad siúd atá corraithe go háirithe) a scíth a ligean.

Bíodh gníomhaíochtaí áirithe lasmuigh.

Bíodh leabhair, scéalta, gníomhaíochtaí agus gnáthaimh a bhfuil taithí ag na páistí orthu ón réamhscoil ann, mar aon le cinn nua.

Taispeáin:

- clár ama laethúil/seachtainiúil le pictiúir.
- grianghraif de na réamhscoileanna ónar tháinig na páistí. Déanaigí plé orthu.
- balla teaghlaigh le grianghraif de theaghlach, de na peataí srl. ag gach páiste. Déanaigí plé orthu.
- grianghraf den mhúinteoir ar an doras ionas go n-aithneoidh na páistí a seomra ranga.

Léigí scéalta faoi dhul ar scoil agus:

- labhraígí faoin gcaoi a mothaíonn na páistí faoin aistriú.
- tabhair deis do na páistí pictiúir a tharraingt faoin scoil.
- pléigí na difríochtaí agus na cosúlachtaí idir an réamhscoil agus an scoil.

Cabhraigh leis na páistí dul i dtaithí ar a dtimpeallacht nua go mbeidh a fhios acu cá bhfuil rudaí, na leithris go háirithe; cabhróidh pictiúir ar dhoirse/ar bhoscaí stóras leis seo.

Is féidir leis na leithris a bheith ina gcúis imní, mar sin déan cinnte de go mbíonn na páistí ar an eolas faoi leithris na gcailíní agus leithris na mbuachaillí agus cuimhnigh ar an mboladh. Bíonn boladh ar leith ag gach scoil, na leithris go háirithe! Déan iarracht a chinntiú go mbíonn gallúnach dheas agus úraitheoir/bolaitheoir deas aeir ar fáil. B'fhéidir gur mhaith leat cuid d'ealaín na bpáistí a chrochadh istigh ann.

Spreag na páistí chun a bheith chomh neamhspleách agus is féidir sa seomra ranga – ábhair a scaipeadh, glanadh suas, athchúrsáil, uisce a chur ar na plandaí, bia a thabhairt do na héin. Bíodh róta ann do pháistí a mbíonn deacrachtaí acu leis seo agus iarr ar pháistí obair le cara.

D'fhéadfadh páistí an bréagán is fearr leo a bhreith leo ón mbaile an chéad chúpla seachtain.

D'fhéadfadh páistí a bhfuil aithne acu ar a chéile nó a bhí sa réamhscoil chéanna suí lena chéile.

Déan go leor gníomhaíochtaí i mbeirteanna nó i ngrúpaí ionas gur féidir le páistí aithne a chur ar a chéile. Cuir prapaí ar fáil le gur féidir leo spraoi lena chéile (rópaí scipeála, cleas na bacóide, liathróidí) sa chlós. Coinnigh súil ar do pháistí atá leo féin nó a bhfuil cuma chorraithe orthu agus ná dearmad feidhm an chloigín a mhíniú dóibh.

# Gníomhaíochtaí aistrithe

## Guthanna na bpáistí a chur san áireamh

Tar éis dóibh cúpla seachtain a chaitheamh ag socrú isteach, cuir ceist ar na páistí maidir leis an gcaoi ar mhothaigh siad ag dul ar scoil den chéad uair – rudaí a thaitin go mór leo agus rudaí a bhí deacair, dar leo.

Iarr ar na páistí pictiúir a tharraingt faoi theacht ar scoil – léiriú ar a gcéad lá/seachtain ar scoil. Iarr orthu cur síos a dhéanamh ar an bpictiúr agus breac síos a gcuid smaointe. Roinn na léargais seo leis na tuismitheoirí agus leis na caomhnóirí.

## Ag obair i gcomhpháirtíocht le tuismitheoirí/le caomhnóirí

Faigh amach cé na spriocanna atá ag na tuismitheoirí/na caomhnóirí dá bpáistí agus iad ag dul ar scoil den chéad uair. Scaip 'post-its'® ag an lá oscailte nó ag tús an téarma agus iarr ar na tuismitheoirí/na caomhnóirí cúpla sprioc atá acu dá bpáiste a scríobh síos. Féach ar na spriocanna seo arís i rith na bliana.

Bíodh teachtaireachtaí maidir leis na nithe seo a leanas i bpacáiste eolais na scoile:

- cén chaoi le cabhrú le páistí agus iad ag aistriú go dtí an scoil
- an curaclam, an tábhacht a bhaineann le spraoi agus an chaoi a dtacaíonn sé le foghlaim agus le forbairt páistí. D'fhéadfá leidbhileoga spraoi na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta a thabhairt amach freisin.
- Clár ama an lá scoile ionas go mbeidh cur amach ag tuismitheoirí ar an sceideal agus go mbeidh siad in ann é seo a phlé lena bpáiste.

Déan cumarsáid rialta le tuismitheoirí/le caomhnóirí ionas go mothaíonn siad mar chuid de phobal na scoile. Spreag teagmháil neamhfhoirmeálta le tuismitheoirí/le caomhnóirí agus iad ag fágáil páistí ar scoil nó dá mbailiú. Smaoinigh ar théacs nó ar nóta a chur abhaile do na tuismitheoirí/na caomhnóirí sin nach dtagann go dtí an scoil gach lá.

Uaireanta bíonn strus ar roinnt tuismitheoirí/caomhnóirí nuair a bhíonn a bpáiste ag aistriú go dtí an scoil, tuismitheoirí/caomhnóirí céad uair go háirithe. Mar sin, cuimhnigh orthu siúd a bhféadfadh tacaíocht bhreise a bheith de dhíth orthu chun iad a chur ar a suaimhneas. Smaoinigh faoi chóras meantóireachta a chur ar bun do thuismitheoirí/do chaomhnóirí. B'fhéidir go bhféadfadh Cumann na dTuismitheoirí maidin chaifé a eagrú an chéad seachtain de mhí Mheán Fómhair ionas gur féidir le tuismitheoirí/le caomhnóirí aithne a chur ar a chéile.

# Gníomhaíochtaí aistrithe

## Ag obair i gcomhpháirtíocht le tuismitheoirí/le caomhnóirí

Eagraigh seisiún eolais do thuismitheoirí/do chaomhnóirí i dtreo dheireadh mhí Mheán Fómhair nó ag tús mhí Dheireadh Fómhair chun iad a chur ar an eolas faoin gcuraclam agus faoin gcaoi a bhfuil ag éirí lena bpáistí socrú isteach sna naíonáin shóisearacha.

Iarr ar thuismitheoirí/ar chaomhnóirí aiseolas a thabhairt maidir le haistriú a bpáiste go dtí na naíonáin shóisearacha agus bain úsáid as an eolas seo mar aon le tuairimí na bpáistí le cur leis an bpróiseas bliain i ndiaidh a chéile.